2026/2537

18.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2537 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2026

lena mbunaítear an fhoirm chaighdeánach um shonraí a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a mhéadú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(7) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun sonraí iontaofa agus inchomparáide a bhailiú maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe agus maidir le nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais, ba cheart foirm chumarsáide chaighdeánach a chruthú. Ós rud é go bhfuil cineálacha éagsúla nósanna imeachta ag Ballstáit éagsúla, ba cheart go gcuideodh an fhoirm sin lena áirithiú go mbeidh na sonraí a bhaileofar inchomparáide agus éasca le tuiscint ionas gur féidir iad a fhoilsiú ar bhealach inrochtana agus so-úsáidte.

(2) Ba cheart go n-áiritheofaí leis an bhfoirm chumarsáide chaighdeánach go soláthrófar sonraí ar bhealach struchtúrtha, arna ndifreáil de réir cineálacha nósanna imeachta dócmhainneachta, athstruchtúraithe agus urscaoilte fiachais agus go n-áiritheofaí an tráth céanna leibhéal leordhóthanach cosúlachta chun cineálacha éagsúla nósanna imeachta den sórt sin atá ann cheana sna Ballstáit a chur san áireamh.

(3) Ba cheart do na Ballstáit na sonraí maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta, athstruchtúraithe agus urscaoilte fiachais a bhailiú ar bhonn comhiomlánú iomlán nó ar bhonn comhiomlánú sampla-bhunaithe agus ba cheart iad a chur in iúl don Choimisiún go leictreonach.

(4) Chun an leibhéal inchomparáideachta sonraí is gá a bhaint amach maidir le fad na nósanna imeachta dócmhainneachta, athstruchtúraithe agus urscaoilte fiachais, ba cheart do na Ballstáit mínithe a thabhairt maidir leis an tráth a gcuirtear tús agus deireadh le cineálacha éagsúla nósanna imeachta. Chun na críche céanna, ba cheart cineálacha torthaí nósanna imeachta dócmhainneachta, athstruchtúraithe agus urscaoilte fiachais a shainmhíniú mar aon le mionsonraí lena sonraítear eilimintí de chostais nósanna imeachta, an líon gnólachtaí nua a atosaítear agus na poist a chailltear i ndáil leis na nósanna imeachta sin.

(5) Ós rud é gur cheart cineálacha éagsúla sonraí a bhailiú agus a sholáthar i leith cineálacha éagsúla fiontar agus daoine nádúrtha, is gá na cineálacha fiontar agus daoine nádúrtha sin a shainmhíniú.

(6) Na Ballstáit a roghnaíonn sonraí a chur in iúl don Choimisiún ar bhonn comhiomlánú sampla-bhunaithe, ba cheart dóibh sonraí a sholáthar freisin faoi ghnéithe méide agus éagsúlachta an mhodha comhiomlánaithe sonraí shampla-bhunaithe.

(7) I roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé go measfaí sa chumarsáid gur 'fo-nósanna imeachta' iad gníomhartha nó nósanna imeachta áirithe atá ina ndlúthchuid de nósanna imeachta dócmhainneachta de réir bhrí an Rialacháin seo, ach nach nós imeachta neamhspleách ná céim tosaigh nós imeachta iad. Níor cheart a mheas gur fo-nós imeachta é nós imeachta um urscaoileadh fiachais gan d'údar aige ach gur dlúthchuid de na himeachtaí dócmhainneachta é faoin dlí dócmhainneachta náisiúnta chomh fada agus a bhailíonn agus a sholáthraíonn an Ballstát na sonraí atá ábhartha ó thaobh staidrimh de maidir leis an nós imeachta um urscaoileadh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2019/1023,

([1]) IO L 172, 26.6.2019, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1023/oj.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh an fhoirm chaighdeánach um shonraí a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Threoir (AE) 2019/1023.

2. Líonfar isteach an fhoirm chaighdeánach um shonraí a chur in iúl i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'bliain tagartha' an bhliain féilire iomlán dar críoch an 31 Nollaig;

(2) ciallaíonn 'bliain tuairiscithe' an bhliain ina bhfuil na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2019/1023 le cur in iúl don Choimisiún;

(3) ciallaíonn 'comhiomlánú iomlán' modh bailithe sonraí faoina mbailítear sonraí maidir leis na nósanna imeachta dócmhainneachta, na nósanna imeachta athstruchtúraithe agus na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais uile ó na cúirteanna nó na húdaráis eile uile atá inniúil ar nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe sa Bhallstát;

(4) ciallaíonn 'comhiomlánú sampla-bhunaithe' modh bailithe sonraí faoina mbailítear sonraí maidir leis na nósanna imeachta dócmhainneachta, na nósanna imeachta athstruchtúraithe agus na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais uile ó líon is lú ná na cúirteanna nó na húdaráis eile uile atá inniúil ar nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe sa Bhallstát;

(5) ciallaíonn 'nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta' nós imeachta faoi dhlí Ballstáit lena mbaineann athstruchtúrú:

   (a) nach féidir a phríomhábhar, ón tráth a gcuirtear isteach air nó a thionscnaítear é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí go bhfoirceanntar é, a bheith ach ag athstruchtúrú an fhéichiúnaí; agus

   (b) beidh an féichiúnaí dócmhainneach lena linn ar fad;

(6) ciallaíonn 'nós imeachta um leachtú dócmhainneachta' nós imeachta faoi dhlí Ballstáit lena mbaineann leachtú dócmhainneachta:

   (a) a thionscnófar chun gnó an fhéichiúnaí a fhoirceannadh agus nach bhféadfaidh a phríomhábhar, ón tráth a gcuirfear isteach air nó a thionscnófar é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí go bhfoirceannfar é, a bheith ach ar cheann amháin díobh seo a leanas:

      (i) leachtú shócmhainní an fhéichiúnaí;

      (ii) i gcás nach ann do shócmhainní, foirceannadh ghníomhaíochtaí gnó an fhéichiúnaí;

      agus

   (b) beidh an féichiúnaí dócmhainneach lena linn ar fad;

(7) ciallaíonn 'nós imeachta ginearálta dócmhainneachta' nós imeachta faoi dhlí Ballstáit seachas an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (5) agus i bpointe (6):

   (a) a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na hábhair seo a leanas a bheith mar phríomhábhar aige, ón tráth a gcuirtear isteach air nó a thionscnófar é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí go bhfoirceannfar é:

      (i) leachtú shócmhainní an fhéichiúnaí;

      (ii) athstruchtúrú an fhéichiúnaí;

      (iii) i gcás nach ann do shócmhainní, foirceannadh ghníomhaíochtaí gnó an fhéichiúnaí;

      agus

   (b) a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith lena linn ar fad:

      (i) is féidir lena phríomhábhar nós imeachta den sórt sin faoin dlí náisiúnta a athrú am ar bith gan é a thiontú ina nós imeachta de chineál difriúil dá dtagraítear i bpointí (5), (6) agus (8) go (12); agus

      (ii) tá an féichiúnaí dócmhainneach;

(8) ciallaíonn ‘nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta’ nós imeachta faoi dhlí Ballstáit lena mbaineann athstruchtúrú:

(a) arb é a phríomhábhar, ón tráth a gcuirtear isteach air nó a thionscnaítear é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí go bhfoirceannfar é, nach féidir ach an féichiúnaí a athstruchtúrú; agus

(b) is dócha go mbeidh an féichiúnaí dócmhainneach lena linn ar fad;

(9) ciallaíonn ‘nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú’ nós imeachta faoi dhlí Ballstáit lena mbaineann athstruchtúrú:

(a) nach féidir a phríomhábhar, ón tráth a chuirtear isteach air nó a thionscnaítear é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí go bhfoirceanntar é, a bheith ach ag athstruchtúrú an fhéichiúnaí; agus

(b) a mbeidh feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas lena linn:

(i) d’fhéadfadh dóchúlacht dócmhainneachta a bheith ag an bhféichiúnaí nó d’fhéadfadh sé a bheith dócmhainneach nó d’fhéadfadh sé a bheith i staid eile deacrachta airgeadais;

(ii) ní fhíoraíonn an chúirt ná údarás inniúil eile an bhfuil an féichiúnaí dócmhainneach nó an bhfuil dóchúlacht dócmhainneachta aige nó an bhfuil sé i staid eile deacrachta airgeadais;

(10) ciallaíonn ‘nós imeachta dócmhainneachta eile’ nós imeachta faoi dhlí Ballstáit seachas an nós imeachta dá dtagraítear faoi phointí (5) go (9) agus (11):

(a) a bhfuil, ón tráth a gcuirtear isteach air nó a thionscnaítear é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí gur féidir ceann amháin nó níos mó de na hábhair seo a leanas a bheith mar phríomhábhar aige nó acu a fhoirceannadh:

(i) leachtú shócmhainní an fhéichiúnaí a thionscnaítear d’fhonn gnólacht an fhéichiúnaí a fhoirceannadh;

(ii) athstruchtúrú an fhéichiúnaí;

(iii) i gcás nach ann do shócmhainní, foirceannadh ghníomhaíochtaí gnó an fhéichiúnaí;

agus

(b) ar féidir lena linn a phríomhábhar a athrú am ar bith gan nós imeachta den sórt sin faoin dlí náisiúnta a thiontú ina nós imeachta de chineál difriúil dá dtagraítear i bpointí (5) go (9) agus (11) go (12), agus a bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

(i) d’fhéadfadh dóchúlacht dócmhainneachta a bheith ag an bhféichiúnaí nó d’fhéadfadh sé a bheith dócmhainneach nó d’fhéadfadh sé a bheith i staid eile deacrachta airgeadais,

(ii) ní fhíoraíonn an chúirt ná údarás inniúil eile an bhfuil an féichiúnaí dócmhainneach nó an bhfuil dóchúlacht dócmhainneachta aige nó an bhfuil sé i staid eile deacrachta airgeadais;

(11) ciallaíonn ‘nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú’ nós imeachta faoi dhlí Ballstáit seachas an nós imeachta dá dtagraítear i bpointí (5) go (10):

(a) a bhféadfadh ceann amháin nó níos mó de na saincheisteanna seo a leanas a bhaineann le dócmhainneacht nó le hathstruchtúrú a bheith mar phríomhábhar aige, ón tráth a gcuirfear isteach air nó a thionscnófar é, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoi dhlí Ballstáit, go dtí go bhfoirceannfar é:

(i) réamhghníomhartha arna ndéanamh chun a shuí gur comhlíonadh na coinníollacha chun tús a chur leis an nós imeachta lena mbaineann, lena n-áirítear coinníollacha incháilitheachta an fhéichiúnaí a fhíorú maidir le haon nós imeachta dá dtagraítear i bpointí (5) go (10) agus (12),

(ii) bac sealadach ar imeachtaí arna dtionscnamh ag creidiúnaithe aonair a dheonú,

(iii) díscaoileadh neamhdheonach pearsantacht dhlítheanach duine dhlítheanaigh a spreagtar go díreach de bharr dhócmhainneacht an duine dhlítheanaigh sin, mura rud é go bhfuil an díscaoileadh neamhdheonach sin mar thoradh ar dhearbhú maidir le do-ghlacthacht, diúltú nó tarraingt siar iarratais ar dhócmhainneacht;

agus

(b) a mbeidh feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas lena linn:

(i) d’fhéadfadh dóchúlacht dócmhainneachta a bheith ag an bhféichiúnaí nó d’fhéadfadh sé a bheith dócmhainneach nó d’fhéadfadh sé a bheith i staid eile deacrachta airgeadais,

(ii) ní fhíoraíonn an chúirt ná údarás inniúil eile an bhfuil an féichiúnaí dócmhainneach nó an bhfuil dóchúlacht dócmhainneachta aige nó an bhfuil sé i staid eile deacrachta airgeadais;

(12) ciallaíonn 'nós imeachta um urscaoileadh fiachais' nós imeachta faoi dhlí Ballstáit arb é a phríomhábhar fiacha féichiúnaí dócmhainneach ar duine nádúrtha é a urscaoileadh nó a chealú;

(13) ciallaíonn 'nós imeachta neamhspleách' nós imeachta a shainmhínítear i bpointí (5) go (12) ar féidir le Ballstát sonraí a bhailiú ar leithligh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 29(6) de Threoir (AE) 2019/1023;

(14) ciallaíonn 'fo-nós imeachta' nós imeachta nach nós imeachta neamhspleách ann féin ná céim thosaigh nós imeachta é mar chuid dhílis de dhearcadh an bhailithe sonraí d'aon cheann de na nósanna imeachta a shainmhínítear i bpointí (5) go (11) agus a bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh ann:

(a) nós imeachta um urscaoileadh fiachais;

(b) aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear i bpointe 11(a).

Airteagal 3

1. Baileofar na sonraí trí cheann de na modhanna seo a leanas:

(a) comhiomlánú iomlán,

(b) comhiomlánú sampla-bhunaithe.

2. Soláthrófar na sonraí a bhaileofar don Choimisiún trí fheidhmchlár leictreonach arna fhorbairt ag an gCoimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an rochtain ar an bhfeidhmchlár sin ar fáil do na Ballstáit.

3. Cuirfidh na Ballstáit na sonraí in iúl i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais.

4. Déanfar nósanna imeachta dócmhainneachta na mBallstát atá liostaithe in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a chur in iúl i measc na nósanna imeachta a thagann faoi na cineálacha ábhartha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), den Rialachán seo. Ní gá do na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir nósanna imeachta poiblí agus neamhphoiblí.

5. I ndáil le nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (8) go (11), sonróidh na Ballstáit cé acu de na nósanna imeachta sin a bhfuil eilimint nó eilimintí iontu lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme.

Airteagal 4

1. Chun críocha Airteagal 29(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/1023, sonróidh na Ballstáit tréimhse fhoriomlán arna sloinneadh i laethanta ar mhair na nósanna imeachta dócmhainneachta, na nósanna imeachta athstruchtúraithe nó na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais sa Bhallstát lena linn.

2. Agus meánfhad na nósanna imeachta á chur in iúl ag na Ballstáit, soláthróidh siad an méid seo a leanas:

(a) faisnéis faoi mheánfhad na nósanna imeachta go dtí an tráth a dhúntar iad;

(b) mínithe maidir leis an méid seo a leanas:

(i) tús an nós imeachta ina bhfuil míniú sna cásanna seo a leanas:

(1) an tráth a chuirtear an t-iarratas isteach,

(2) tráth a dhéantar an nós imeachta a thionscnamh, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoin dlí náisiúnta;

(ii) aon fho-nós imeachta a áireamh laistigh den nós imeachta neamhspleách agus meánfhad an fho-nós imeachta sin agus meánfhad na coda atá fágtha den nós imeachta neamhspleách a shonrú agus cé acu a áiríodh nó nár áiríodh meánfhad aon fho-nós imeachta mar chodán measta nó mar chéatadán measta de mheán-am an nós imeachta neamhspleách a bhfuil an fo-nós imeachta faoi seach ina chuid dhílis de agus réasúnú le méid an chodáin nó an chéatadáin sin ag gabháil leis;

(iii) clabhsúr a chur leis an nós imeachta arb é atá ann mínithe maidir le cathain a tharlaíonn an tráth a thagann deireadh leis an nós imeachta.

([2]) Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/848/oj).

Airteagal 5

1. Chun críocha Airteagal 29(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2019/1023, áireofar ar na cineálacha torthaí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta um leachtú dócmhainneachta, nósanna imeachta ginearálta dócmhainneachta, nósanna imeachta dócmhainneachta eile agus nósanna imeachta gaolmhara um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú, ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas:

(i) sócmhainní a dhíol, lena n-áirítear gnólacht an fhéichiúnaí nó cuid de a dhíol mar ghnóthas leantach, amhail an gnólacht sin nó cuid de a dhíol mar aonad táirgiúil nó mar eintiteas eacnamaíoch oibriúcháin;

(ii) scor an nós imeachta, go háirithe mar gheall ar easpa sócmhainní chun costais nós imeachta den sórt sin a chumhdach, gan réiteach na ngaolmhaireachtaí dlí a bhaineann le heastát gan sócmhainní;

(iii) clabhsúr an nós imeachta tar éis réiteach na ngaolmhaireachtaí dlí a bhaineann le heastát gan sócmhainní;

(iv) i gcás inarb ábhartha, urscaoileadh fiachais daoine nádúrtha, i gcás inar fo-nós imeachta de nós imeachta neamhspleách dá dtagraítear sa phointe seo é an nós imeachta um urscaoileadh fiachais, agus sonrú ar an toradh dá dtagraítear i bpointe (c), má tá sé ar fáil;

(v) aon cheann de na torthaí dá dtagraítear i bpointí (b)(i), (ii) agus (iii);

(vi) aon chineál eile toraidh faoin dlí náisiúnta;

(b) nósanna imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta, nósanna imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta, nósanna imeachta ginearálta um athstruchtúrú, ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas:

(i) plean atá á dhaingniú ag cúirt;

(ii) plean nach bhfuil daingnithe ag cúirt agus an nós imeachta athstruchtúraithe á thiontú ina nós imeachta dócmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal (2) den Rialachán seo nó á dhúnadh;

(iii) plean nach bhfuil daingnithe ag cúirt agus cineál eile leanúna ann seachas an ceann dá dtagraítear i bpointe (ii), lena n-áirítear aon chineál toraidh dá dtagraítear i bpointe (a), ach gan bheith teoranta dó;

(iv) i gcás inarb ábhartha, toradh amháin nó níos mó dá dtagraítear i bpointe (c), má is é atán sa nós imeachta um urscaoileadh fiachais fo-nós imeachta de nós imeachta neamhspleách dá dtagraítear i bpointe (b);

(v) cineál eile toraidh faoin dlí náisiúnta, lena bhféadfaí torthaí dá dtagraítear i bpointe (a) a áireamh ach gan bheith teoranta dóibh;

(c) nós imeachta um urscaoileadh fiachais, lena n-áirítear i gcás inar fo-nós imeachta de nós imeachta neamhspleách dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) é an nós imeachta um urscaoileadh fiachais, ceann amháin nó níos mó de na torthaí seo a leanas:

(i) go ndeachaigh an tréimhse urscaoilte in éag gan síneadh a bheith curtha léi nó gur daingníodh urscaoileadh fiachais tar éis dul in éag na tréimhse urscaoilte;

(ii) cuireadh síneadh leis an tréimhse urscaoilte;

(iii) cúlghaireadh an t-urscaoileadh fiachais;

(iv) diúltaíodh an t-urscaoileadh fiachais;

(v) daingniú an phlean aisíocaíochta;

(vi) gan an plean aisíocaíochta a bheith daingnithe;

(vii) cineál eile toraidh faoin dlí náisiúnta, lena bhféadfaí toradh amháin nó níos mó dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) a áireamh ach gan bheith teoranta dó, go háirithe má bhí an nós imeachta um urscaoileadh fiachais mar fho-nós imeachta mar chuid de nós imeachta neamhspleách dá dtagraítear faoi aon cheann de na pointí sin;

(d) athstruchtúrú a rinneadh lasmuigh den chúirt nó d'údarás eile atá inniúil maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe, is é an toradh clárú leis na cúirteanna sin nó leis na húdaráis eile atá inniúil maidir le dócmhainneacht gan aon cheann de na nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5), (7), (8), (9), (10) nó (11) a ghníomhachtú rompu;

(e) achomhairc in aghaidh thoradh na nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí 5 go 12, i gcás ina dtuairiscíonn na Ballstáit orthu sin, ceann de na torthaí seo a leanas:

(i) taisceadh an achomhairc;

(ii) dearbhú do-ghlacthachta nó diúltú an achomhairc nó a tharraingt siar sular tionscnaíodh na himeachtaí achomhairc;

(iii) seasamh leis an achomharc ag an gcúirt nó ag an údarás ábhartha.

2. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit, agus sonraí maidir le torthaí á gcur in iúl acu, miondealú a dhéanamh ar líon na gcineálacha aonair torthaí i ndáil le cineálacha nósanna imeachta atá ann faoina ndlí agus atá níos sonraí ná cineálacha nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), má chinneann siad freisin sonraí a sholáthar maidir leis na cineálacha níos sonraí nósanna imeachta sin atá ann faoina ndlí.

Airteagal 6

1. Chun críocha Airteagal 29(3), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/1023, má bhailíonn agus má chomhiomlánaíonn na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear sa phointe sin, sonróidh siad meánchostas gach cineáil nós imeachta a bhaineann leis an nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó leis an nós imeachta um urscaoileadh fiachais faoi seach a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), arna shloinneadh mar dhearbhuimhir nó mar chéatadán, arna áireamh ar bhonn an chur chuige comhiomlánúcháin iomláin nó an chur chuige comhiomlánúcháin shampla-bhunaithe mar chóimheas:

(a) costais an nós imeachta a leagtar síos sa chinneadh nó i ndoiciméad eile lena ndéantar toradh an nós imeachta faoi seach nó cinneadh gaolmhar ar leithligh nó doiciméad eile i gcás ina sonraítear na costais sin;

(b) luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí arna chinneadh ag tús an nós imeachta nó lena linn.

Áireofar i gcónaí sa mhéid óna n-áirítear meánchostas an nós imeachta costas idirghabhála an chleachtóra dócmhainneachta, agus, má leagtar síos é i gceann de na cinntí nó i gceann de na doiciméid eile dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh táillí cúirte, tobhaigh rialtais nó costais ghaolmhara eile a bheith i gceist leis freisin.

2. Chun críocha Airteagal 29(3), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/1023, má bhailíonn agus má chomhiomlánaíonn na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear sa phointe sin, sonróidh siad méid foriomlán na heisíocaíochta le creidiúnaithe a rinneadh sa nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó sa nós imeachta um urscaoileadh fiachais faoi seach a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), arna shloinneadh mar chéatadán, arna áireamh ar bhonn an chur chuige comhiomlánúcháin iomláin nó an chur chuige comhiomlánúcháin shampla-bhunaithe mar chóimheas:

(a) idir luach iarbhír éilimh na gcreidiúnaithe eisíoctha a leagtar síos sa chinneadh nó i ndoiciméad eile lena ndéantar toradh críochnaitheach ar an nós imeachta faoi seach ar an gcéad dul síos;

(b) agus luach na n-éileamh céanna arna gcomhdú sa nós imeachta faoi seach ag aon chineál creidiúnaí dá dtagraítear in Airteagal 29 (3), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/1023 i leith creidiúnaí den chineál sin.

Féadfar an meánráta aisghabhála sonraithe a thabhairt i leith cineálacha éagsúla creidiúnaithe amhail creidiúnaithe urraithe, creidiúnaithe neamhurraithe, agus i gcás inarb infheidhme, cineálacha eile creidiúnaithe.

3. Chun críocha Airteagal 29(3), pointe (c), de Threoir (AE) 2019/1023, má bhailíonn agus má chomhiomlánaíonn na Ballstáit sonraí dá dtagraítear sa phointe sin, sonróidh siad líon na bhfiontraithe a chuir tús le gnó nua laistigh de 12 mhí tar éis nós imeachta faoi Airteagal 1(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/1023 a dhúnadh.

4. Chun críocha Airteagal 29(3), pointe (d), de Threoir (AE) 2019/1023, má bhailíonn agus má chomhiomlánaíonn na Ballstáit sonraí dá dtagraítear sa phointe sin, sonróidh siad méid iomlán na bpost a cailleadh sa Bhallstát tuairiscithe laistigh den bhliain tagartha arna áireamh ar bhonn an chur chuige comhiomlánúcháin iomláin nó an chur chuige comhiomlánúcháin shampla-bhunaithe mar líon na bpost uile a cailleadh sa Bhallstát i ngach fiontar a chuaigh i mbun aon nós imeachta laistigh de gach cineál nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11,) den Rialachán seo.

5. Is féidir líon na bpost a cailleadh a bhaineann leis an nós imeachta athstruchtúraithe nó dócmhainneachta faoi seach a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), a áireamh mar an difríocht idir líon na bpost laistigh den fhiontar tráth a cuireadh isteach ar an nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúrúcháin sin faoi seach nó tráth a tionscnaíodh an nós imeachta sin, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoin dlí náisiúnta, agus líon na bpost a coinníodh ar bun tráth a dúnadh an nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe sin.

Airteagal 7

1. Chun críocha Airteagal 29(4), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/1023, úsáidfear na catagóirí seo a leanas le haghaidh mhéid na bhféichiúnaithe nach daoine nádúrtha iad:

(a) fiontair ina bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí;

(b) fiontair ina bhfuil idir 10 agus 249 bhfostaí;

(c) fiontair ina bhfuil 250 fostaí nó níos mó;

(d) líon anaithnid fostaithe, más ábhartha.

Sloinnfear líon na bhfostaithe in aonaid oibre bhliantúla sna Ballstáit a chuireann Airteagal 5 de Mholadh 2003/361/CE ([3]) ón gCoimisiún i bhfeidhm i gcomhthéacs staidrimh dócmhainneachta. Na Ballstáit nach gcuireann Airteagal 5 den Mholadh sin i bhfeidhm, féadfaidh siad líon na bhfostaithe a shloinneadh i líon na bhfostaithe. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin modheolaíocht a d'úsáid siad chun líon na bhfostaithe a ríomh.

2. Sonrófar méid na bhféichiúnaithe faoi cheann de na catagóirí atá liostaithe sa chéad mhír:

(a) maidir le dáta dheireadh na tréimhse cuntasaíochta deiridh a chumhdaítear leis an ráiteas airgeadais bliantúil is déanaí a foilsíodh ón bhfiontar ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis maidir le líon na bhfostaithe ann;

(b) de rogha air sin, ar bhonn doiciméid eile a chuirtear in iúl don chúirt nó d'údarás eile atá inniúil maidir leis na himeachtaí dócmhainneachta nó athstruchtúraithe roimh nó ag tús an nós imeachta ábhartha.

3. Maidir le nósanna imeachta as a dtagann urscaoileadh fiachais, lena n-áirítear i bhfoirm fo-nósanna imeachta, sonróidh na Ballstáit cé acu de na cineálacha daoine nádúrtha seo a leanas a mbaineann na nósanna imeachta sin leo:

(a) fiontraithe agus daoine nádúrtha eile nach fiontraithe iad;

(b) fiontraithe amháin;

(c) daoine nádúrtha eile nach fiontraithe amháin iad.

Airteagal 8

1. I gcás bailiú sonraí comhiomlánaithe sampla-bhunaithe, is é a bheidh san íoscheanglas samplach i dtéarmaí méide dá dtagraítear in Airteagal 29(5) de Threoir (AE) 2019/1023 5 % ar a laghad de líon iomlán gach cineáil nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí 5 go 12, den Rialachán seo, a bhí ann cheana sna Ballstáit sa bhliain tagartha agus:

(a) a cuireadh isteach orthu nó a tionscnaíodh i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoin dlí náisiúnta agus a bhí ar feitheamh;

(b) a dúnadh; nó

(c) gur dearbhaíodh iad a bheith do-ghlactha, gur diúltaíodh iad nó gur tarraingíodh siar iad sular tionscnaíodh iad.

2. Is éard a bheidh sna híoscheanglais shamplacha i dtéarmaí éagsúlachta dá dtagraítear in Airteagal 29(5) de Threoir (AE) 2019/1023 5 % ar a laghad den líon iomlán cúirteanna agus údarás eile atá inniúil chun gach cineál nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a riar.

([3]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

Airteagal 9

Is í an bhliain 2027 an chéad bhliain tagartha.

Ní gá do na Ballstáit nósanna imeachta a tionscnaíodh roimh an 17 Iúil 2022 a chur in iúl.

Airteagal 10

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

FOIRM CHAIGHDEÁNACH UM SHONRAÍ A CHUR IN IÚL

TABHAIR FAOI DEARA: — tá na pointí nó na línte atá marcáilte le '*' roghnach

— ní dhéanfaidh ach na Ballstáit a bhailíonn agus a chomhiomlánaíonn na sonraí trí theicníc shamplach na pointí atá marcáilte le '**' a líonadh isteach

Bonnbhliain:

1. **Faisnéis atá le tuairisciú faoi chineálacha nósanna imeachta dócmhainneachta, nósanna imeachta athstruchtúraithe agus nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais** [1]

(a) Teideal an nós imeachta sa dlí náisiúnta:

Cineál nós imeachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2537 (dá ngairtear an Rialachán anseo feasta):

An bhfuil fo-nós imeachta de réir bhrí Airteagal 2(14) den Rialachán san áireamh sa nós imeachta dócmhainneachta náisiúnta: TÁ/NÍL

[má tá:] is éard atá san fho-nós imeachta

(i) nós imeachta um urscaoileadh fiachais

(ii) aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11)(a) den Rialachán.

Más 'nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe gaolmhar' é an cineál mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán, sonraigh an t-ábhar/na hábhair:

Má tá an cineál ar cheann díobh sin dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (8), (9), (10) nó (11) den Rialachán, an bhfuil eilimint nó eilimintí sa nós imeachta lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme? TÁ/NÍL

Más 'nós imeachta um urscaoileadh fiachais' é an cineál mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12) den Rialachán, sonraigh an mbaineann an nós imeachta leis an méid seo a leanas:

(i) fiontraithe agus daoine nádúrtha eile nach fiontraithe iad;

(ii) fiontraithe amháin;

(iii) daoine nádúrtha eile nach fiontraithe amháin iad.

(b) Teideal an nós imeachta sa dlí náisiúnta:

Cineál nós imeachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12) den Rialachán:

An bhfuil fo-nós imeachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (14) den Rialachán san áireamh sa nós imeachta dócmhainneachta náisiúnta: TÁ/NÍL

[má tá:] is éard atá san fho-nós imeachta

(i) nós imeachta um urscaoileadh fiachais:

(ii) aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11)(a) den Rialachán:

Más 'nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe gaolmhar' é an cineál i gcomhréir le hAirteagal 2(11) den Rialachán, sonraigh an t-ábhar/na hábhair:

Má tá an cineál ar cheann díobh sin dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (8), (9), (10) nó (11) den Rialachán, an bhfuil eilimint nó eilimintí sa nós imeachta lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme? TÁ/NÍL

Más 'nós imeachta um urscaoileadh fiachais' é an cineál mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12) den Rialachán, baineann an nós imeachta leis an méid seo a leanas:

(i) fiontraithe agus daoine nádúrtha eile nach fiontraithe iad;

(ii) fiontraithe amháin;

(iii) daoine nádúrtha eile nach fiontraithe amháin iad.

[(c)…..*etc.*]

[1] Féach pointe 1 d'Iarscríbhinn II.

2. **Líon na nósanna imeachta sa tréimhse thagartha** ([2])

2.1 Líon iomlán GACH nós imeachta:

(i) a cuireadh isteach orthu (nó a tionscnaíodh):

(ii) atá ar feitheamh:

(iii) atá dúnta:

(iv) nár tionscnaíodh ([3]):

2.2 óna n-eascraíonn

(a) gurb é atá i gceist le '***nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad: miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad: miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad: miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad: miondealaithe de réir catagóire*:

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad: miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad: miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([4]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad: miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad: miondealaithe de réir catagóire*:

(b) gurb é atá i gceist le '***nós imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad: miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad: miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad: miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad: miondealaithe de réir catagóire*:

([2]) Féach pointe 2 d'Iarscríbhinn II.
([3]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.
([4]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([5]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.)i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(c) gurb é atá i gceist le '***nós imeachta ginearálta dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([6]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.)i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(d) gurb é atá i gceist le '***nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

([5]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.
([6]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([7]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.)i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(e) gurb é atá i gceist le '***nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([8]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.)i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(f) gurb é is '***nós imeachta dócmhainneachta eile***' ann (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

([7]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.
([8]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([9]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.)i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(g) gurb é is '***nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' ann (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(i. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iii) dúnta:

(iii.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iii. ii.) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([10]):

(iv.i.) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(iv. ii.)i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(h) gurb é is '***nós imeachta um urscaoileadh fiachais***' ann (Airteagal 2, pointe (12) den Rialachán):

(i) gur cuireadh isteach orthu (nó gur tionsclaíodh iad):

(i. i.) féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire*:

(ii) ar feitheamh:

(ii. i.) féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire*:

(iii) dúnta:

(iii. i.) féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire*:

(iv) nár tionsclaíodh iad ([11]):

(iv. i.) féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire*:

([9]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.
([10]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.
([11]) Féach pointe 2.1.5 d'Iarscríbhinn II.

2.3* Líon na bhfo-nósanna imeachta, más ábhartha, arna miondealú de réir cineálacha nósanna imeachta

(a) '***nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(b) '***nós imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(c) '***nós imeachta ginearálta dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(d) '***nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(e) '***nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(f) '***nós imeachta dócmhainneachta eile***' (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(g) '***nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

3. **Meánfhad na nósanna imeachta (an tréimhse fhoriomlán ama arna sloinneadh i laethanta mar a léirítear in Airteagal 4 den Rialachán)** ([12])

3.1 Meánfhad na nósanna imeachta uile sa bhliain tagartha:

3.2 Óna bhfuil meánfhad de

(a) '***nósanna imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(b) '***nósanna imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(c) 'nósanna imeachta ginearálta dócmhainneachta' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(d) '***nósanna imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(e) '***nósanna imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(f) '***nósanna imeachta dócmhainneachta eile***' (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

([12]) Féach pointe 3 d'Iarscríbhinn II.

(g) '***nósanna imeachta gaolmhara um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad:
miondealaithe de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad:
miondealaithe de réir catagóire*:

(h) '***nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais***' (Airteagal 2, pointe (12) den Rialachán):

(i) féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire*:

4. **Líon na nósanna imeachta, arna miondealú de réir cineálacha toraidh** ([13])

4.1 Sa bhliain tagartha, maidir le

(a) '***nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(i) ina ndaingnítear plean:

(ii) nach bhfuil an plean daingnithe ann agus ina dtiontaítear an nós imeachta ina nós imeachta dócmhainneachta eile:

(iii) nach bhfuil an plean daingnithe ann agus leanúint de chineál eile seachas (ii):

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) aon chineál toraidh eile:

(b) '***nós imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(i) ina ndearnadh sócmhainní a dhíol:

(ii) inar scoireadh den nós imeachta:

(iii) inar dúnadh an nós imeachta:

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) ina raibh toradh ann a raibh plean i gceist leis:

(vi) aon chineál toraidh eile:

(c) '***nós imeachta ginearálta dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(i) ina ndearnadh sócmhainní a dhíol:

(ii) inar scoireadh den nós imeachta:

(iii) inar dúnadh an nós imeachta:

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) ina raibh toradh ann a raibh plean i gceist leis:

(vi) aon chineál toraidh eile:

(d) '***nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(i) ina ndaingnítear plean:

(ii) nach bhfuil an plean daingnithe ann agus ina dtiontaítear an nós imeachta ina nós imeachta dócmhainneachta eile:

(iii) nach bhfuil an plean daingnithe agus ina bhfuil leanúint de chineál eile seachas (ii):

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) aon chineál toraidh eile:

([13]) Féach pointe 4 d'Iarscríbhinn II.

(e) '***nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(i) ina ndaingnítear plean:

(ii) nach bhfuil an plean daingnithe ann agus ina dtiontaítear an nós imeachta ina nós imeachta dócmhainneachta eile:

(iii) nach bhfuil an plean daingnithe agus ina bhfuil leanúint de chineál eile seachas (ii):

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) aon chineál toraidh eile:

(f) '***nós imeachta dócmhainneachta eile***' (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(i) ina ndearnadh sócmhainní a dhíol:

(ii) inar scoireadh den nós imeachta:

(iii) inar dúnadh an nós imeachta:

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) ina raibh toradh ann a raibh plean i gceist leis:

(vi) aon chineál toraidh eile:

(g) '***nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

(i) ina ndearnadh sócmhainní a dhíol:

(ii) inar scoireadh den nós imeachta:

(iii) inar dúnadh an nós imeachta:

(iv) ina raibh urscaoileadh fiachais:

(v) ina raibh toradh ann a raibh plean i gceist leis:

(vi) aon chineál toraidh eile:

(h) '***nós imeachta um urscaoileadh fiachais***' (i gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (12) nó mar fho-nós imeachta de nós imeachta neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (14)(a) den Rialachán):

(i) ina raibh an tréimhse urscaoilte caite agus go raibh urscaoileadh mar thoradh uirthi:

(ii) inar cuireadh síneadh leis an tréimhse urscaoilte:

(iii) inar cúlghaireadh urscaoileadh fiachais:

(iv) inar diúltaíodh urscaoileadh fiachais:

(v) inar daingníodh an plean aisíocaíochta:

(vi) nach bhfuil daingniú ann maidir le plean aisíocaíochta:

(vii) aon chineál toraidh eile:

4.2 Gníomhartha a dhéantar lasmuigh den chúirt nó d'údarás eile atá inniúil maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe (de réir bhrí Airteagal 5(1), pointe (d) den Rialachán), má tá na gníomhartha sin cláraithe faoin dlí náisiúnta:

4.3* Achomhairc in aghaidh thoradh na nósanna imeachta (de réir bhrí Airteagal 5(1), pointe (e) den Rialachán)

(i) achomhairc a taisceadh:

(ii) achomhairc a dearbhaíodh a bheith do-ghlactha, diúltaithe nó tarraingthe siar:

(iii) achomhairc ar ar chuir cúirt nó údarás moill:

5.* **Meánchostas an nós imeachta sa tréimhse thagartha** ([14])

5.1* Meánchostas an nós imeachta le haghaidh na nósanna imeachta uile

(i) méid in airgeadra:

(ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

5.2* Meánchostas an nós imeachta arna mhiondealú de réir cineálacha nós imeachta:

(a) '***nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(b) '***nós imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(c) '***nós imeachta ginearálta dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(d) '***nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(e) '***nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

([14]) Féach pointe 5 d'Iarscríbhinn II.

(f) '***nós imeachta dócmhainneachta eile***' (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(g) '***nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(ii.i) méid in airgeadra:

(ii.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

(h) '***nós imeachta um urscaoileadh fiachais***' (Airteagal 2, pointe (12) den Rialachán)

(i) féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(i.i) méid in airgeadra:

(i.ii) i gcéatadán, mar chóimheas le luach foriomlán eastát an fhéichiúnaí:

6.* **meánráta aisghabhála (i gcéatadán) sna nósanna imeachta sa tréimhse thagartha** ([15])

6.1* Meánráta aisghabhála i ngach nós imeachta

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

6.2* Meánráta aisghabhála arna mhiondealú de réir cineálacha nós imeachta:

(a) '***nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(b) '***nós imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

([15]) Féach pointe 6 d'Iarscríbhinn II.

(c) '***nós imeachta ginearálta dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(d) '***nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(e) '***nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(f) '***nós imeachta dócmhainneachta eile***' (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(g) '***nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(i.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(ii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

(iii.i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú a thuilleadh de réir méide:

(h) '***nós imeachta um urscaoileadh fiachais***' (Airteagal 2, pointe (12) den Rialachán)

(i) i gcás creidiúnaithe urraithe:

(ii) i gcás creidiúnaithe neamhurraithe:

(iii) i gcás cineálacha eile creidiúnaithe (sonraigh):

7. **Líon na bhféichiúnaithe atá faoi réir nósanna imeachta athstruchtúraithe agus dócmhainneachta a raibh plean athstruchtúrúcháin daingnithe acu laistigh de thrí bliana faoi nós imeachta athstruchtúraithe roimhe seo lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme** ([16])**:**

8.* **Líon na bhfiontraithe, tar éis dóibh dul faoi nós imeachta as ar tháinig urscaoileadh fiachais, a sheolann gnó nua** ([17])**:**

9.* **Líon na gcaillteanas post atá nasctha le nósanna imeachta um athstruchtúrú agus nósanna imeachta dócmhainneachta** ([18])

9.1* Líon iomlán na bpost a cailleadh le linn na tréimhse thagartha:

9.2* Poist a cailleadh arna miondealú de réir cineálacha nós imeachta:

(a) '***nós imeachta um athstruchtúrú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(b) '***nós imeachta um leachtú dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (6) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(c) '***nós imeachta ginearálta dócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (7) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(d) '***nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta***' (Airteagal 2, pointe (8) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(e) '***nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (9) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(f) '***nós imeachta dócmhainneachta eile***' (Airteagal 2, pointe (10) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

(g) '***nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú***' (Airteagal 2, pointe (11) den Rialachán):

(i) i gcás féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad arna miondealú de réir méide:

(ii) i gcás féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad arna miondealú de réir catagóire:

10. **Faisnéis faoin modheolaíocht a chuir an Ballstát i bhfeidhm** ([19])

10.1 An bhfuil an bailiú sonraí bunaithe ar

(a) comhiomlánú iomlán:

(b) comhiomlánú sampla-bhunaithe (sa chás seo, líon isteach pointí 10.2 go 10.4 freisin):

([16]) Féach pointe 7 d'Iarscríbhinn II.
([17]) Féach pointe 8 d'Iarscríbhinn II.
([18]) Féach pointe 9 d'Iarscríbhinn II.
([19]) Féach pointe 10 d'Iarscríbhinn II.

10.2** Má bhailíonn do Bhallstát sonraí ar chur chuige comhiomlánúcháin sampla-bhunaithe, sonraigh an méid seo a leanas:

(a) an líon iomlán cúirteanna nó údarás eile atá inniúil maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta, nósanna imeachta athstruchtúraithe agus nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais:

(b) an líon cúirteanna agus údarás i leith na sonraí a bhailítear:

(c) an líon cúirteanna agus údarás i leith na sonraí a ndéantar meastachán orthu:

10.3** Má bhailíonn do Bhallstát sonraí ar chur chuige comhiomlánúcháin sampla-bhunaithe, sonraigh an méid seo a leanas:

(a) ainmníocht na gcúirteanna nó na n-údarás eile a úsáideadh don tsampláil:

(b) ainmníocht an bhardais ina bhfuil siad lonnaithe:

(c) an limistéar geografach nó an réigiún a bhfuil siad inniúil ina leith maidir le nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12) den Rialachán:

(d) an chúis ar roghnaíodh an chúirt nó údarás eile chun sonraí a bhailiú le haghaidh an mhodha samplála:

10.4** Faisnéis ábhartha eile maidir leis an modh samplála a úsáideadh:

IARSCRÍBHINN II

TREORACHA DO NA BALLSTÁIT MAIDIR LE CONAS AN FHOIRM CHAIGHDEÁNACH UM SHONRAÍ A CHUR IN IÚL A LÍONADH ISTEACH

BARÚLACHA TOSAIGH:

1. Tá na treoracha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ina dtreoraíocht maidir le conas an fhoirm chaighdeánach um shonraí a chur in iúl ('an Fhoirm') in Iarscríbhinn I a líonadh isteach. Comhfhreagraíonn uimhriú na bpointí san Iarscríbhinn seo d'uimhriú na foirme caighdeánaí um shonraí a chur in iúl a leagtar amach in Iarscríbhinn I, rud a chiallaíonn gur féidir teacht ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann le gach pointe den Fhoirm faoin uimhir chéanna agus faoin gceannteideal céanna den Iarscríbhinn seo.

2. Sonróidh na Ballstáit an bhliain tagartha ar bhailigh siad sonraí ina leith.

1. **Faisnéis atá le tuairisciú faoi chineálacha nósanna imeachta dócmhainneachta, nósanna imeachta athstruchtúraithe agus nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais**

1. Sonróidh na Ballstáit teidil na nósanna imeachta dócmhainneachta agus athstruchtúraithe uile, chomh maith le nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais, atá ann faoina ndlí faoi na cineálacha nós imeachta ábhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12).

2. Agus teidil nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais atá ann cheana faoina ndlí á gcur in iúl, sonróidh na Ballstáit cén cineál nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), ina dtagann na nósanna imeachta sin faoina ndlí, más ann dóibh. Ní shonrófar teideal gach nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe den sórt sin ach faoi aon chineál nós imeachta amháin a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12). Sannfar na nósanna imeachta do cheann de na cineálacha nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12) de réir a bpríomhábhar atá ina shaintréith díobh, cé go bhféadfadh ábhar coimhdeach amháin nó níos mó a bheith acu a léiríonn cineál nós imeachta amháin eile nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12). Féadfaidh na Ballstáit faisnéis a sholáthar faoi níos mó ná ceann amháin dá nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó dá nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais faoi gach cineál nós imeachta den sórt sin.

3. Maidir le gach ceann de na nósanna imeachta neamhspleácha, atá ann cheana faoina ndlí agus a thagann faoi cheann de na cineálacha nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11), sonróidh na Ballstáit aon fho-nós imeachta maidir le hurscaoileadh fiachais a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na nósanna imeachta neamhspleácha sin.

4. Féadfaidh na Ballstáit, maidir le gach ceann de na nósanna imeachta neamhspleácha, atá ann cheana faoina ndlí agus a thagann faoi cheann de na cineálacha nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11), an líon fo-nósanna imeachta, más ann dóibh, a shonrú laistigh de gach nós imeachta neamhspleách den sórt sin i leith ábhar aonair nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11)(a).

5. Má chuireann Ballstát in iúl níos mó ná nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó nós imeachta um urscaoileadh fiachais amháin faoi seach atá ann cheana faoina dhlí faoi aon chineál nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), féadfaidh sé a sholáthar freisin líon gach nós imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó nós imeachta um urscaoileadh fiachais den sórt sin atá ann cheana faoina dhlí.

6. Agus teidil nósanna imeachta sa dlí náisiúnta a thagann faoin gcineál 'nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú', mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), á sonrú, sonróidh na Ballstáit cé na hábhair dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (11)(a), lena mbaineann na 'nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe gaolmhara' sin.

7. Maidir le nósanna imeachta náisiúnta a thagann faoi na cineálacha 'nós imeachta um athstruchtúrú réamhdhócmhainneachta' (Airteagal 2, pointe (8)), 'nós imeachta ginearálta um athstruchtúrú' (Airteagal 2, pointe (9)), 'nós imeachta dócmhainneachta eile' (Airteagal 2, pointe (10)) nó 'nós imeachta gaolmhar um dhócmhainneacht nó um athstruchtúrú' (Airteagal 2, pointe (11)), sonróidh na Ballstáit an bhfuil eilimint nó eilimintí sna nósanna imeachta sin lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme.

8. Agus teidil nósanna imeachta a thagann faoin gcineál 'nós imeachta um urscaoileadh fiachais', mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), á sonrú sa dlí náisiúnta, sonróidh na Ballstáit an mbaineann an nós imeachta le gach duine nádúrtha nó le fiontraithe amháin nó le daoine nádúrtha nach fiontraithe iad amháin.

2. **Líon na nósanna imeachta sa tréimhse thagartha**

2.1. **Líon iomlán na nósanna imeachta uile**

1. Faoin líon iomlán nósanna imeachta, sonróidh na Ballstáit an líon iomlán nósanna imeachta ar 'nósanna imeachta neamhspleácha' iad mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13), agus atá in aon cheann de na céimeanna nós imeachta ábhartha atá liostaithe i bpointí (i) go (iv) de phointe 2.1 den Fhoirm sa bhliain tagartha.

2. Beidh an líon iomlán nósanna imeachta i leith gach céime nós imeachta (in (i) go (iv) de phointe 2.1 den Fhoirm) cothrom le suim na líonta arna sonrú ag an mBallstát faoin gcéim chomhfhreagrach nós imeachta de na cineálacha éagsúla nósanna imeachta atá liostaithe faoi phointe 2.2 den Fhoirm.

3. Is é a bheidh sa chéim nós imeachta faoi phointe (i) de phointe 2.1 den Fhoirm an líon nósanna imeachta ar cuireadh isteach orthu nó a tionscnaíodh, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoin dlí náisiúnta, sa bhliain tagartha. Sna Ballstáit ina ndéantar foráil sa dlí dócmhainneachta maidir leis an nós imeachta a thionscnamh ar leithligh (ar leithligh ó thús an nós imeachta), is faoin rogha an Bhallstáit sin atá sé an tráth nós imeachta (is é sin an t-iarratas nó an tionscnamh) a thuairisciú: ní dhéanfar gach aon nós imeachta a áireamh ach uair amháin faoi phointe (i) de phointe 2.1 den Fhoirm.

4. Sa chéim nós imeachta faoi phointe (ii) de phointe 2.1 den Fhoirm, beidh an líon nósanna imeachta a bhí fós ar feitheamh le linn na bliana tagartha ach ar cuireadh isteach orthu (nó ar tionscnaíodh iad) roimh thús na bliana tagartha. Déanfar nósanna imeachta a dúnadh le linn na bliana tagartha a áireamh ar leithligh, faoi phointe (iii) de phointe 2.1 den Fhoirm.

5. Faoin gcéim nós imeachta i bpointe (iv) de phointe 2.1 den Fhoirm, ar a dtugtar 'nár tionscnaíodh', sonróidh na Ballstáit na nósanna imeachta athstruchtúraithe uile inar dearbhaíodh, le linn na bliana tagartha, go raibh na hiarratais do-ghlactha, inar diúltaíodh dóibh nó inar tarraingíodh siar iad sular tionscnaíodh iad. Féadfaidh siad é sin a shonrú le haghaidh nósanna imeachta eile a mhéid atá sé ar fáil.

2.2. **Líon na nósanna imeachta arna miondealú de réir na gcineálacha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12)**

1. Sonróidh na Ballstáit an méid seo a leanas le haghaidh na bliana tagartha:

   (i) líon na nósanna imeachta, arna miondealú de réir na gcineálacha nós imeachta atá liostaithe faoi phointí (a) go (g) de phointe 2.2 den Fhoirm (a chomhfhreagraíonn do na cineálacha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11)), ar cuireadh isteach orthu nó a tionscnaíodh, i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoin dlí náisiúnta, agus sonróidh na Ballstáit ar leithligh an líon nósanna imeachta sin a bhaineann le daoine dlítheanacha agus le daoine nádúrtha;

   (ii) an líon nósanna imeachta, arna miondealú de réir na gcineálacha nós imeachta atá liostaithe faoi phointí (a) go (g) de phointe 2.2 den Fhoirm (a chomhfhreagraíonn do na cineálacha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11)), atá fós ar feitheamh, agus sonróidh na Ballstáit ar leithligh an líon nósanna imeachta sin a bhaineann le daoine dlítheanacha agus le daoine nádúrtha;

   (iii) an líon nósanna imeachta, arna miondealú de réir na gcineálacha nósanna imeachta atá liostaithe faoi phointí (a) go (g) de phointe 2.2 den Fhoirm (a chomhfhreagraíonn do na cineálacha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11)), a dúnadh, agus sonróidh na Ballstáit ar leithligh an líon nósanna imeachta sin a bhaineann le daoine dlítheanacha agus le daoine nádúrtha;

   (iv) líon na n-iarratas ar nósanna imeachta a thuairiscítear i gcomhréir le pointe 2.1.5 den Iarscríbhinn seo, arna miondealú de réir na gcineálacha nósanna imeachta atá liostaithe faoi phointí (a) go (g) i bpointe 2.2 den Fhoirm (a chomhfhreagraíonn do na cineálacha nósanna imeachta a shainítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11)), a dearbhaíodh a bheith do-ghlactha, a diúltaíodh nó a tarraingíodh siar sular osclaíodh iad.

2. Agus na líonta á scaradh de réir féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha nó daoine nádúrtha iad (mar a shonraítear i bpointe 1), de bhreis ar an líon iomlán daoine dlítheanacha agus na ndaoine nádúrtha, cuirfidh na Ballstáit na líonta sin in iúl agus iad miondealaithe a thuilleadh mar a leanas:

   (a) maidir le féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad, de réir na gcatagóirí a bhaineann le méid na bhfiontar dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointí (a) go (d);

   (b) maidir le féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad, má bhailíonn na Ballstáit na sonraí sin, de réir na gcatagóirí dá dtagraítear in Airteagal 7(3), pointí (a), (b) agus (c).

3. Maidir le pointe (h) de phointe 2.2 den Fhoirm ('nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12)), ní dhéanfaidh na Ballstáit an líon nósanna imeachta a mhiondealú ach amháin de réir na gcatagóirí a bhaineann le daoine nádúrtha i gcomhréir le hAirteagal 7(2), pointí (a), (b) nó (c), ar choinníoll go mbailítear na sonraí sin sa dlí náisiúnta, toisc go bhfuil nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais ceaptha chun déileáil le rófhéichiúnas féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad.

3. **Meánfhad na nósanna imeachta**

1. Faoi phointe 3.1 den Fhoirm, sonróidh na Ballstáit don bhliain tagartha meánfhad na nósanna imeachta dócmhainneachta uile, a thugtar i laethanta agus a áirítear i gcomhréir le hAirteagal 4.

2. Faoi phointe 3.2 den Fhoirm, déanfaidh na Ballstáit miondealú ar na sonraí maidir le meánfhad na nósanna imeachta de réir cineálacha nósanna imeachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12). Sonróidh na Ballstáit ar leithligh meánfhad na nósanna imeachta sin a bhaineann le daoine dlítheanacha agus le daoine nádúrtha, i gcás inarb ábhartha.

3. Maidir le meánfhad na nósanna imeachta i leith an méid seo a leanas:

   (a) daoine dlítheanacha, sonróidh na Ballstáit meánfhad na nósanna imeachta sin i leith gach catagóire fiontar dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointí (a) go (d);

   (b) daoine nádúrtha, féadfaidh na Ballstáit meánfhad na nósanna imeachta sin a shonrú i leith gach catagóire de na daoine sin dá dtagraítear in Airteagal 7(3), pointí (a), (b) agus (c).

4. Áireofar i meánfhad na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12)) taobh leis an tréimhse arna ríomh de réir Airteagal 4, tréimhse an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 21(2), an dara fomhír, de Threoir (AE) 2019/1023 i ndáil leis na Ballstáit a chinn nós imeachta den sórt sin a thabhairt isteach. Ní áireofar i meánfhad na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais ach an chuid den tréimhse urscaoilte a tharlaíonn os comhair an údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 21(1), pointí (a) nó (b) de Threoir (AE) 2019/1023.

4. **Líon na nósanna imeachta, arna miondealú de réir cineálacha toraidh**

1. Maidir leis na cineálacha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (6), (7), (10) agus (11), sonróidh na Ballstáit toradh amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a), a bhí ag na cineálacha ábhartha nósanna imeachta sa bhliain tagartha. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas má chumhdaítear leis na sonraí a sonraítear faoin gcineál toraidh faoi phointe (i) ('díol sócmhainní') gach nós imeachta inar díoladh sócmhainní nó nach mbaineann siad ach le cineálacha áirithe díolachán sócmhainní (mar shampla, díol an ghnólachta nó cuid de mar ghnóthas leantach).

2. Maidir leis na cineálacha nósanna imeachta in Airteagal 2, pointí (5), (8) agus (9), sonróidh na Ballstáit líon gach toraidh dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), a bhí ag na cineálacha ábhartha nósanna imeachta sa bhliain tagartha.

3. Maidir leis na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), sonróidh na Ballstáit toradh amháin nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (c), a bhí ag na nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais sa bhliain tagartha.

4. Maidir le hAirteagal 5(1), pointí (a) go (c), féadfaidh na Ballstáit torthaí a thuairisciú ina ndlí dócmhainneachta náisiúnta nach féidir a shannadh d'aon chineál sonrach sna pointí sin, faoin líne atá oscailte d'aon toradh eile (Airteagal 5(1)(a), pointe (vi); Airteagal 5(1)(b), pointe (v); Airteagal 5(1)(c), pointe (vii)).

5. I gcás ina bhfuil sonraí ar fáil, féadfaidh na Ballstáit an líon achomharc dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (e), a shonrú i leith gach ceann de na cineálacha nósanna imeachta a mbailítear sonraí ina leith sna Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12):

   (a) a shroich an chúirt nó an t-údarás inniúil eile sa bhliain tagartha maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais a mhéid a bhaineann le hachomhairc a taisceadh nó achomhairc a tarraingíodh siar sular tionscnaíodh na himeachtaí achomhairc;

   (b) ar ina leith a d'eisigh an chúirt nó údarás inniúil eile le haghaidh nósanna imeachta dócmhainneachta nó athstruchtúraithe nó nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais gníomh sa bhliain tagartha lenar dhearbhaigh sí go raibh an t-achomharc do-ghlactha nó lenar dhiúltaigh sí nó lenar sheas sí leis.

5. **Meánchostais na nósanna imeachta**

1. Níl na réimsí faoi phointe 5 den Fhoirm sainordaitheach; is iad na Ballstáit a bhailíonn na sonraí sin, agus na Ballstáit sin amháin, a thuairisceoidh ar chostais na nósanna imeachta.

2. Faoi phointe 5.1 den Fhoirm, féadfaidh na Ballstáit meánchostais nós imeachta a shonrú le haghaidh na bliana tagartha, i ndearbhluach san airgeadra náisiúnta ábhartha más féidir, agus i gcéatadán arna áireamh mar chóimheas leis an luach foriomlán le heastát an fhéichiúnaí, i gcomhréir le treoracha Airteagal 6(1).

3. Faoi phointe 5.2 den Fhoirm, féadfaidh na Ballstáit a shonrú le haghaidh na bliana tagartha na meánchostais de réir bhrí Airteagal 6(1) i leith gach cineáil nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12) maidir le daoine dlítheanacha agus le daoine nádúrtha araon agus ar leithligh.

4. Maidir leis na cineálacha nósanna imeachta dá dtagraítear in:

   (a) Airteagal 2, pointí (5) go (11) a bhaineann le daoine dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil na sonraí sin ar fáil meánchostas na nósanna imeachta sin a shonrú i leith gach catagóire fiontar dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointí (a) go (d);

   (b) In Airteagal 2, pointí (5) go (12) a bhaineann le daoine nádúrtha, féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil na sonraí sin ar fáil meánchostas na nósanna imeachta sin a shonrú i leith gach cineáil de na daoine sin dá dtagraítear in Airteagal 7(2), pointí (a), (b) agus (c) de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa phointe sin.

6. **Sonraí maidir le meánrátaí aisghabhála**

1. Níl na réimsí faoi phointe 6 den Fhoirm seo sainordaitheach; is iad na Ballstáit a bhailíonn sonraí ina leith sin, agus na Ballstáit sin amháin, a thuairisceoidh ar mheánrátaí aisghabhála.

2. Faoi phointe 6.1 den Fhoirm, féadfaidh na Ballstáit a shonrú le haghaidh na bliana tagartha na meánrátaí aisghabhála de réir bhrí Airteagal 6(2), agus cóimheas na n-eisíocaíochtaí iarbhír le creidiúnaithe á shloinneadh le luach a n-éileamh comhdaithe, arna miondealú de réir cineálacha creidiúnaithe: i gcás creidiúnaithe urraithe agus neamhurraithe agus, i gcás inarb infheidhme, i gcás cineálacha eile creidiúnaithe, ar leithligh.

3. Faoi phointe 6.2 den Fhoirm, féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil na sonraí sin ar fáil na meánrátaí aisghabhála a shonrú de réir bhrí Airteagal 6(2) i leith gach cineáil nós imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), le haghaidh creidiúnaithe urraithe agus neamhurraithe agus, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh cineálacha eile creidiúnaithe, ar leithligh.

7. **Líon na bhféichiúnaithe atá faoi réir nósanna imeachta athstruchtúraithe agus dócmhainneachta a raibh plean athstruchtúrúcháin daingnithe acu laistigh de thrí bliana faoi nós imeachta athstruchtúraithe roimhe seo lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme**

1. Faoi phointe 7 den Fhoirm, sonróidh na Ballstáit an fhaisnéis a cheanglaítear in Airteagal 29(2) de Threoir (AE) 2019/1023.

2. Sonróidh na Ballstáit an líon féichiúnaithe:

   (a) le linn na bliana tagartha, a bhí faoi réir aon chineál de na nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11); agus

   (b) laistigh de na trí bliana roimh chur isteach an iarratais nó roimh thionscnamh nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (a), i gcás ina bhforáiltear don tionscnamh sin faoin dlí náisiúnta, a raibh plean athstruchtúrúcháin acu a daingníodh faoi nós imeachta athstruchtúraithe roimhe sin lena gcuirtear Teideal II de Threoir (AE) 2019/1023 chun feidhme.

8. **Líon na bhfiontraithe, tar éis dóibh dul faoi nós imeachta as ar tháinig urscaoileadh fiachais, a sheolann gnó nua**

1. Níl an réimse faoin bpointe seo den Fhoirm sainordaitheach; is iad na Ballstáit a bhailíonn sonraí den sórt sin, agus na Ballstáit sin amháin, a thuairisceoidh ar fhiontraithe a sheolann gnó nua.

2. Féadfaidh na Ballstáit an líon fiontraithe a sheol gnó nua de réir bhrí Airteagal 6(3) a shonrú i ndiaidh dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) nós imeachta um urscaoileadh fiachais a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12), i bhfoirm nós imeachta neamhspleách, nó

   (b) nós imeachta um urscaoileadh fiachais mar fho-nós imeachta nós imeachta neamhspleách a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (14)(a).

3. Na Ballstáit nach mbailíonn sonraí maidir le nósanna imeachta um urscaoileadh ach amháin i leith gach duine nádúrtha, lena n-áirítear fiontraithe agus daoine nach fiontraithe iad araon, féadfaidh siad meastachán a sholáthar ar an líon fiontraithe a sheol gnó nua, tar éis dóibh dul faoi nós imeachta as ar tháinig urscaoileadh fiachais arna thabhú ag an bhfiontraí dócmhainneach sin.

9. **Sonraí maidir le caillteanais post atá nasctha le nósanna imeachta athstruchtúraithe agus dócmhainneachta**

1. Níl an réimse faoin bpointe seo den Fhoirm sainordaitheach; is iad na Ballstáit a bhailíonn sonraí ina leith sin, agus na Ballstáit sin amháin, a thuairisceoidh ar chaillteanais post.

2. Féadfaidh na Ballstáit a shonrú le haghaidh na bliana tagartha áirithe poist a cailleadh de réir bhrí Airteagal 6(4) agus (5), i leith gach nós imeachta agus arna miondealú de réir cineálacha nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (11), maidir le féichiúnaithe ar daoine dlítheanacha iad agus féichiúnaithe ar daoine nádúrtha iad araon.

3. Maidir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe 2 a bhaineann le daoine dlítheanacha, féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil na sonraí sin ar fáil na poist a cailleadh i leith gach catagóire fiontar dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointí (a) go (d) a shonrú.

10. **Sonraí maidir le comhiomlánú sampla-bhunaithe**

1. Faoi phointe 10.1 den Fhoirm, sonróidh an Ballstát an modh ar ar a bhonn a bhailigh sé sonraí:

   (a) comhiomlánú iomlán,

   (b) comhiomlánú sampla-bhunaithe.

2. Gach Ballstát a roghnaíonn sonraí a chur in iúl don Choimisiún ar bhonn cur chuige comhiomlánúcháin sampla-bhunaithe, soláthróidh sé an fhaisnéis seo a leanas i leith a chúirteanna nó a údarás eile atá inniúil ar nósanna imeachta dócmhainneachta, ar nósanna imeachta athstruchtúraithe agus ar nósanna imeachta um urscaoileadh fiachais:

   (a) líon iomlán na gcúirteanna nó na n-údarás eile sin laistigh den Bhallstát;

   (b) líon na gcúirteanna agus na n-údarás a mbailítear sonraí ina leith; agus

   (c) líon na gcúirteanna agus na n-údarás a ndéantar meastachán ar shonraí ina leith.

   Áireoidh na Ballstáit sa liosta cúirteanna nó údarás inniúil eile dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír cúirt nó údarás inniúil eile amháin ar a laghad a riar laistigh den bhliain tagartha nós imeachta amháin ar a laghad den chineál a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12), a bhí ann cheana sa bhliain tagartha sa Bhallstát lena mbaineann.

3. Sonróidh na Ballstáit an méid seo a leanas i leith cúirteanna nó údaráis inniúla eile dá dtagraítear i bpointe 2(b):

   (a) a n-ainmníocht;

   (b) ainmníocht an bhardais ina bhfuil siad lonnaithe;

   (c) an limistéar geografach nó an réigiún a bhfuil siad inniúil ina leith maidir le nósanna imeachta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (5) go (12);

   (d) an chúis ar roghnaigh siad na cúirteanna nó údaráis eile dá mbailítear sonraí ina leith sa sampla a áireamh; agus

   (e) cé acu atá nó nach bhfuil siad ar an eolas faoi aon chlaontacht a d'fhéadfadh a bheith i gceist le rogha na gcúirteanna nó na n-údarás eile a mbailítear sonraí ina leith sa sampla i ndáil leis an líon iomlán foriomlán a fuarthas nó na meánluachanna foriomlána a bhaineann leis an mBallstát ar leith.

4. Míneoidh na Ballstáit an chaoi ar chinn siad an líon iomlán foriomlán nó na meánluachanna foriomlána bunaithe ar líon nó luachanna samplacha aonair faoin gcur chuige comhiomlánúcháin sampla-bhunaithe.

5. Féadfaidh na Ballstáit míniú a sholáthar ar an méid seo a leanas:

   (a) úsáid aon chomhéifeachtaí ceartaitheacha i leith uimhreacha nó luachanna a áirítear sa sampla tuairiscithe i ndáil le gach líon nó luach (nó grúpa uimhreacha nó luachanna a bhfuil saintréithe coiteanna acu) lasmuigh den sampla;

   (b) aon mhodh samplála a úsáid lena n-áirithítear ionadaíochas coibhéiseach nó níos fearr ar an sampla ná an modh atá bunaithe ar úsáid comhéifeachtaí ceartaitheacha.

   Más rud é, laistigh den mhíniú a sholáthraíonn na Ballstáit i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír, go n-úsáidtear comhéifeachtaí ceartaitheacha i ndáil le grúpa líonta nó luachanna, sonróidh an Ballstát cad iad na saintréithe ar cinneadh an grúpa nó na grúpaí sin dá réir.